Venues continued to provide resources to artists and arts companies, both formally through schemes and projects based in venues and informally through practical supports. These are important civic centres that make a highly visible statement about the importance of the arts and its accessibility.

Theatre Forum, the resource organisation for the performing arts, continued its Ireland roll-out of Tourbook, a software platform that supports promoters and programmers to present work and provides audiences with more opportunities to participate in the arts. It also organised its all-island arts conference in Belfast in June, focusing on Brexit, climate change and equality.

Three touring schemes were administered for 2018 with an investment of around €1.5 million and 50 tours were supported in a wide range of artforms and practice.

In partnership with Údarás na Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta continued to support artists and the public in Gaeltacht areas. Its infrastructural support programme includes organisations such as Áras Éanna (Inis Oírr), An Lab (Daingean), Ceardlann na gCroisbealach (Gaoth Dobhair) and Fibín (Gaillimh). It also offered funding programmes for festivals and bursaries for individual artists. During 2018 it adopted a new five-year strategy, reflecting both Údarás na Gaeltachta's and the Arts Council's goals.

Ionaid Tionólí

Thacaigh maoiniú na Comhairle Ealaón, i gcomhar le hÚdarás Áitiúla, arbh fhíú breis agus €5.5 milliún é le 49 eagraíocht in 2018. Cuireadh obair faoi stiúir na n-ealaón chun cinn, tacáodh le cláir oideachais sna healaiona, agus éascaíodh ealaíontóirí chun a saothar féin a fhorbairt leis an maoiniú seo. Coinníodh maoiniú an údarás áitiúil do na hionaid (ar leis na húdarás áitiúla iad den chuid is mó) agus méadaíodh an maoiniú i roinnt cásanna.

I ndiaidh *Creatlach don Chomhoibriú*, comhaontú na Comhairle Ealaón le Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach, agus cáipéis straitéise na Comhairle féin, *Saothar Ealaíne lontach a Tháirgeadh*, a fhoilsíú coimisiúnaíodh Athbhreithníu ar na hlonaid Tionól. Táthar ag súil go gcuirfear an t-athbhreithníu seo i gcrích go luath in 2019 agus go mbeidh sé mar bhonn eolais do thacaíochtaí bonneagair sa todhchaí de réir ár straitéisí faoi seach.

Lean na hionaid tionól ar aghaidh ag soláthar acmhainní d'ealaíontóirí agus do chompántais ealaón, go foirmiúil trí scéimeanna agus tionscadail bunaithe sna hionaid tionól agus go neamhfhoirmíúil trí thacaíochtaí praiticiúla. Is ionaid shibhialta thábhachtacha iad seo a chuireann ráiteas maidir le tábhacht na n-ealaón agus inrochtaineacht na n-ealaón in iúl don phobal.

Is eagraíocht acmhainne do na taibhealaíona é Theatre Forum, agus lean sé ar aghaidh ag cur Tourbook, bogearra a thacaíonn le tionscnóirí agus le cláraitheoirí saothar a chur i láthair agus a chruthaíonn tuilleadh deiseanna do lucht féachana a bheith rannpháirteach sna healaíona, chun feidhme ar fud na hÉireann. D'eagraigh siad comhdháil ealaón uile-oileánin i mBéal Feirste i Meitheamh inar diríodh ar Brexit, ar athrú aeráide agus ar chomhionannas.

Riaradh trí scéim chamchuaire le haghaidh 2017 le hinfeistíocht de thart ar €1.5 milliún agus tugadh tacáiocht do 50 camchuairt i raon leathan fairmeacha agus cleachtais ealaíne.

Lean Ealaín na Gaeltachta lena tacáiocht d'ealaíontóirí agus don phobal i limistéir Ghaeltachta i gcompháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta. Áirítear lena clár tacáiochta bonneagair eagraíochtaí mar Áras Éanna (Inis Oírr), An Lab (An Daingean), Ceardlann na gCroisbealach (Gaoth Dobhair) agus Fibín (Gaillimh). Thairg sí cláir mhaoinithe d'fhéilte freisin agus sparánachaí d'ealaíontóirí aonair. Le linn 2018 glacadh lena straitéis cúig bliana ina léirítear spriocanna Údarás na Gaeltachta agus na Comhairle Ealaón araon.

Review of the Year 2018

Athbhreithniú ar an mBliain 2018 (ar lean)

Festivals and Events

The Arts Council advocates a diverse and varied arts festival ecology and so provides funding supports nationally to underpin this. We encourage models of national and international significance; models that increase opportunities for public engagement or develop the work of an artist/artform; and festival programmes engaged with, and relevant to the local community. Festival funding represents an investment in artists, in communities, and in the economy.

In 2018, the Council introduced a policy designed to meet these stated priorities for festivals. The implementation of the *Festival Investment Scheme* incentivises festivals to provide more opportunities for local artists and puts a strong emphasis on public engagement. It provides opportunities for new festival ideas as well as encouraging established festival organisations to develop further. The scheme provided 155 small festivals across the country with an increased investment of €1.4 million.

We provide travel and training supports for festival directors and programmers, allowing them to visit events overseas with a view to learning ways of building festival capacity at home. The €449,140 in supports to four festivals under the *Arts Grant Funding* programme will contribute significantly to the arts in Ireland and will continue to provide artists with creative opportunities.

Central to the importance of festivals is the unique opportunities they provide for presenting and experiencing art. Inherent in the festival form is the permission to experiment – permission to cross thresholds that might be closed or forbidding in other contexts. Festivals provide the flexibility to respond to both urban and rural landscapes, and opportunities to engage with communities. As such, festivals represent an indispensable platform that afford artists spaces to innovate and invite audiences to experience work in different ways.

Increasingly, festivals are aiming to respond to their places, environments and audiences by creating and producing works through the development of festival production hubs. These provide further opportunities for artists and often spark more collaborative art practices that attract community engagement in the creation of festival works.

The introduction of the *Festival Investment Scheme* and *Arts Grant* funding coupled with the Council's *Strategic Funding* programme in 2018 ensures a flexible and comprehensive suite of supports to festivals. The Council aims to continue its response to different festival models in their evolution and development.

In 2018 the Council supported 182 festivals and increased its annual commitment to €7.76 million. This included the funding of 14 new festival programmes, which provide opportunities to support the development of local artists and programmes to deepen and enrich public engagement in the arts.

Féilte agus Imeachtaí

Oibríonn an Chomhairle Ealaón ar son réimse féilte ealaón éagsúil agus difriúil agus cuireann sí tacáochtaí maoinithe ar fáil mar bhonn agus mar thaca leis na féilte seo. Spreagaimid samhailtí a bhfuil suntasacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo; samhailtí a mhéadaíonn deiseanna do rannpháirtíocht an phobail nó a fhobráíonn saothar ealaíontóra/foirm ealaíne; agus clár féilte atá ag obair leis an bpobal áitiúil, agus ábhartha dó. Is éard is maoiniú féilte ann infheistíocht in ealaíontóirí, i bpobail agus sa gheilleagar.

Ghlac an Chomhairle le beartas in 2018 a dearadh chun freastal ar na tosaíochtaí ainmnithe seo d'fhéilte. Spreagtar le cur chun feidhme Scéim Infheistíochta na bhFéilte féilte chun tuilleadh deiseanna a thabhairt d'ealaíontóirí áitiúla agus cuirtear béim láidir ar rannpháirtíocht an phobail. Cuirtear deiseanna ar fáil léi i gcomhair smaointe d'fhéilte nua mar aon le heagraíochtaí féilte seansbhunaithe a spreagadh le forbairt bhereise a dhéanamh ar a bhféilte. Cuireadh infheistíochta mhéadaithe de €1.4 milliún ar fáil do 155 féile bheag ar fud na tíre faoin scéim seo.

Cuirimid tacáochtaí taistil agus oiliúna ar fáil do stiúrthóirí agus do chláraitheoirí féilte, ag tabhairt deis dóibh freastal ar imeachtaí thar sáile le foghlaim faoi bhealaí ina bhféadfar cur le cumas féilte in Éirinn. Rannchuideoidh an tsuim de €449.140 a cuireadh ar fáil mar thacaíocht do cheithre fhéile faoin gclár Maoliniú Deontais do na hEalaíona go mór leis na healaíona in Éirinn agus cuirfear deiseanna cruthaitheacha ar fáil d'ealaíontóirí dá bharr.

Tá na deiseanna uathúla a chuireann féilte ar fáil chun ealaín a léiriú agus a fhiceáil lárnach do thábhacht na bhféilte sin. Rud bunúsach i bhfoirm na féile is ea an cead chun triail a bhaint as rudaí – cead chun dul thar thairseacha a d'fhéadfadh a bheith dúnta nó toirmiscthe i gcomhthéacsanna eile. Crutháitear le féilte an tsolúbthacht freagra a thabhairt ar thírdhreacha uirbeacha agus tuaithe araoí agus deiseanna chun caidreamh a dhéanamh le pobail. Mar sin, is ardán éigeantach iad féilte a thugann spásanna d'ealaíontóirí a bheith nuálach agus cuireadh a thabhairt do lucht féachana agus éisteachta taithí a fháil ar a saothar ar bhealaí difriúla.

Anois níos mó ná riamh, deartar féilte mar fhreagra ar na háiteanna ina bhfuil siad suite, na timpeallachtaí agus an lucht féachana trí shaothair a chruthú agus a léiriú trí mhoil tháirgeachta féilte a fhorbairt. Cuireann na moil seo tuilleadh deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí agus is minic a bhíonn siad mar spreagadh do chleachtais ealaíon comhoibríoch a mheallann rannpháirtíocht an phobail i gcruthú saothar na bhféilte.

Cinntítear le cur chun feidhme Scéime Infheistíochta na bhFéilte agus Maoinithe Deontais do na hEalaíona mar aon le clár Maoinithe Straitéisigh na Comhairle sa bláthain 2018 go mbeidh raon tacáochtaí solúbtha agus cuimsitheacha ann chun tacú le féilte. Féachann an Chomhairle le leanúint lena freagra ar mhúlnaí féilte éagsúla de réir mar a thagann siad chun cinn agus mar a fhobráitear iad.



Orlaith McBride, Director Arts Council, Edwina Guckian, Liam Scanlan and Sheila Pratschke, Chair, Arts Council at the Next Generation awards announcement, December 2018. Photographer: Maxwells.
Orlaith McBride, Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon, Edwina Guckian, Liam Scanlan agus Sheila Pratschke, Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon ag fogaireadh dámhachtainí Next Generation, Nollaig 2018. Grianghráfadóir: Maxwells.

Local Arts

Since 1995, our ongoing partnership with local authorities has been – and continues to be – a critically important relationship for the Arts Council and the arts across Ireland. Every local authority will have individual priorities but our supports help to ensure that the arts reach into communities and townlands all over the country and that artists are supported at local level throughout their careers. Overall investment into *Local Authority Arts* in 2018 was almost €2.1 million.

Local authorities are the second-biggest funding organisation for the arts in Ireland. In 2018 their net investment was almost €40.1 million, an 8% increase on 2017 (€37.1 million), which in turn was a 7% increase on 2016 (€34.65 million).

Our relationship with Local Authorities is based on the ten-year strategic partnership agreement, *A Framework for Collaboration 2016–2025*. On the basis of this document, in 2018 we continued to collaborate on various initiatives overseen by the Arts Council/Local Government Management Liaison Group and the Working Group.

The roll-out of individual and bespoke framework agreements continued. By the end of 2018, 14 local authority agreements were completed or underway. A Social Impact Assessment project management playbook was developed with the aim of measuring the social impact of our investment in local authorities in Leitrim, Limerick and Carlow. The review aims to provide the Arts Council and local government with critical information on which to base future supports for arts centres across the country.

The third round of the funding scheme, *An Invitation to Collaboration*, was launched in October 2018 for ambitious

Sa bhliain 2018, thacaigh an Chomhairle Ealaíon le 182 féile agus mhéadaigh sí a tiomantas bliantúil go €7.76 milliún. Áiríodh leis seo maioniú 14 chlár félíte nua, a chruthaíonn deiseanna chun tacú le forbairt ealaíontóirí áitiúla agus le cláir chun rannpháirtíocht an phobail sna healaíona a láidriú agus a threisiú.

Ealaíona Áitiúla

Ón mbliaín 1995 i leith, tá ár gcomhpháirtíocht leanúnach le húdarás áitiúla ar cheann de na caidrimh is tábhacthaí don Chomhairle Ealaíon agus do na healaíona in Éirinn. Bíonn a dtosáiochtaí féin ag gach údarás áitiúil ach cabhraíonn ár dtacaiochtaí leo agus iad ag cinntí go bhfuil na healaíona ar fáil i bpobail agus i mbalite fearainn ar fud na hÉireann agus go dtacaítear le healaíontóirí ag leibhéal áitiúil ar feadh a ngairmeacha. Bhí leibhéal foriomlán na hinfheistíochta in Ealaíona na nÚdarás Áitiúil in 2018 thart ar €2.1 milliún.

Is iad na húdarás áitiúla an dara eagraíocht maoinithe is mó do na healaíona in Éirinn. D'infheistigh siad thart ar €40.1 milliún san iomlán in 2018, agus ba mhéadú 8% é sin ar an méid a infheistíodh in 2017 (€37.1 milliún), méadú 7% ar an tsuim a infheistíodh in 2016 (€34.65 milliún).

Tá ár gcaidreamh le hÚdarás Áitiúla bunaithe ar an gcomhaontú compháirtíocha deich mbliana, *Creatlach don Chomhoibriú 2016 – 2025*. De réir na cáipéise seo, leanamar ar aghaidh ag comhoibriú in 2018 ar thionscnaimh éagsúla a ndearna an Chomhairle Ealaíon/Grúpa Idirchaidrimh Bainistíochta an Rialtais Áitiúil agus an Grúpa Oibre maoiriú orthu.

Leanadh ar aghaidh ag cur creat-chomhaontuithe aonair agus oiriúnaithe i bhfeidhm. Faoi dheireadh na bliana 2018, cuireadh 14 chomhaontú le húdarás áitiúla i gcrích nó bhí an obair ar na comhaontuithe idir lámha. Forbraiodh leabhar beartaíochta Measúnachta Tionchair Shóisialta don bhainistiú tionscadal a raibh sé mar aidhm aige tionchar sóisialta ár n-infheistíochta in Údarás Áitiúla i Liatroim, Luimneach agus i gCeatharlach a mheas. Is é is aidhm leis an athbhreithniú faisnéis ríthábhachtach a chur ar fáil don Chomhairle Ealaíon agus don rialtas áitiúil a bheidh mar bhonn eolais do thacaíochtaí in ionaid ealaíon ar fud na tíre sa todhchaí.

Seoladh an tríu babhta den scéim maoinithe, *Cuireadh chun Comhoibrithe*, i mí Dheireadh Fómhair 2018 i gcomhair tionscadail réigiúnacha uaillmhianacha agus straitéiseacha na n-údarás áitiúil. Cuireadh maioniú dar luach €350,000 ar fáil do cúig thionscadal réigiúnacha le caitheamh i réimsí amhail ealaín phoiblí, ceol, sorcas agus na healaíona sráide, ealaíona na n-óg agus daoine scothaosta agus chun tacú le healaíontóirí.

Bhí 12 údarás áitiúil, ollscoil, eagraíocht ealaíon agus compháirtithe idirnáisiúnta páirteach sa chlár. I bhformhór na dtionscadal a maioniúd tugtar aghaidh ar phríomhchuspóirí straitéiseacha amhail tacáiocht a thabhairt d'ealaíontóirí, pobail a bhfuil sé deacair teacht orthu, agus an lucht féachana/éisteachta a éagsúlú agus a fhás.







The Laureate for Irish Fiction

An Laureate i gcomhair
Ficsean Éireannach

Celebrating Ireland's finest writing



and strategic local authority regional projects. Five regional projects received total funding of €350,000, covering development in areas such public art, music, circus and street arts, youth arts, arts and older people, and supporting artists.

The programme involved 12 local authorities, universities, arts organisations and international partners. The vast majority of the projects funded address key strategic objectives such as supporting artists, hard-to-reach communities, and diversifying and growing audiences.

Planning and organising for the biennial Arts Council/Local Government Places Matter conference also took place during 2018. This conference took place in NUI Galway in March 2019, focusing on the theme of challenging exclusion in the arts.

Two exchange days between Local Authority Arts Officers and Arts Council staff were held in 2018 to investigate shared areas of arts development locally and nationally. A public art policy development day was organised for local authorities to discuss and explore the need for a stronger local policy approach to public art investment.

The Arts Council published *Public Art Policy 2018–2020*, which highlights our advocacy and development roles in relation to the *Per Cent for Art Scheme*, a government initiative, first introduced in 1978, whereby 1% of the cost of any publicly-funded capital, infrastructural and building development can be allocated to the commissioning of a work of art.

Pleanáladh agus eagraíodh an chomhdháil dhébhliantúil, Tá Tábhacht le hÁiteanna, a chuireann an Chomhairle Ealaíon agus an Rialtas Áitiúil ar siúl, le linn 2018 chomh maith. Reáchtáladh an chomhdháil in OE, Gaillimh, i Márt 2019 agus díriodh ar dhúshlán a thabhairt d'eisiamh sna healaíona.

Rinne Oifigigh Ealaíon na nÚdarás Áitiúil agus foireann na Comhairle Ealaíon tuairimí agus taithí a mhalartú ar feadh dhá lá in 2018 chun réimsí comhchoiteanna i bhforbairt na n-ealaíon go háitiúil agus go náisiúnta a fhiosrú. Eagraíodh lá d'údarás áitiúla chun beartas ealaíne poiblí a fhobairt agus chun an gá atá le cur chuige níos láidre i leith infheistíocht phoiblí san ealaíon a phlé agus a scrúdú.

D'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon *Beartas don Ealaín Phoiblí 2018–2020*, ina sonraítear ár ról abhcóideachta agus forbartha i leith na scéime Céatadán ar son na nEalaíon, tionscnamh rialtais a cuireadh i bhfeidhm den chéad uair i 1978, faoina bhféadfar 1% de chostas forbartha caipítíl, bonneagair agus atá maoinithe go poiblí a leithdháileadh chun saothar ealaíne a choimisiúnú.

President Michael D Higgins, presenting Sebastian Barry with his medal as Laureate for Irish Fiction, 2018–2021 February 2018. Photographer: Maxwells.
An tUachtaráin Micheál D. Ó hUiginn ag bronnadh boinn an Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach 2018–2021 ar Sebastian Barry Feabhra 2018. Grianghrafnadóir: Maxwells.



FairPlé *Rising Tides*, Liberty Hall, Dublin September 2018.

Photographer: Cathal Mac An Bheatha.

FairPlé *Rising Tides*, Halla na Saoirse, Baile Átha Cliath Meán

Fómhair 2018. Granghrafnadóir: Cathal Mac An Bheatha.

International Work

The Council hosts the Creative Europe Desk Ireland (CEDI) – Culture Office to support international arts. This provides information, advice and technical assistance to cultural organisations in Ireland interested in applying to *Creative Europe – Culture – Cooperation* projects, with a view to facilitating as many Irish applicants as possible.

In 2018, 18 Irish organisations were involved in successful *Creative Europe – Culture – Cooperation* projects. One Irish organisation was involved as a lead co-ordinator, while 17 were involved as co-partners with a combined direct Irish grant allocation of over €1 million.

To develop capacity and provide enhanced opportunities for artists, the Arts Council offers a co-funding award for successful Creative Europe Programme projects.

Throughout the year the CEDI Culture Office hosted and took part in 15 events across the country and collaborated with the Creative Europe Desk UK-Northern Ireland in two events in Belfast and Dublin. These events focused on audience development and new business models for arts and culture organisations. The office also provided information and advice to more than 173 individuals and organisations from the culture sector. In October, it also hosted an intensive workshop for Irish organisations planning to make applications to the Creative Europe programme.

The Arts Council continued to offer its Travel and Training Award in 2018. This supports artists who wish to avail of training and other professional development opportunities abroad. In 2018, 225 awards were made – a total value of €291,165. Funding went to artists involved in a range of artforms and practices, including Arts Participation, Dance, Literature, Music, Opera, Theatre and Visual Arts.

Obair Idirnáisiúnta

Óstállann an Chomhairle Ealaón Deasc na hEorpa Cruthaithí Éireann – Oifig Cultúir chun tacú leis na healaíona idirnáisiúnta. Soláthraíonn sé faisnéis, comhairle agus cúnamh teicniúil d'eagraiochtaí cultúrtha in Éirinn ar suim leo iarratas a dhéanamh ar an bhFochlár Cultúir, an Eoraip Chruthaitheach, chun a oiread iarratasóiri Éireannacha agus is féidir a eascú.

In 2018, ghlac 18 n-eagraiocht Éireannach páirt i dtionscadail Chomhoibrithe de chuid *Chultúr na hEorpa Cruthaithí*. Ghlac eagraiocht amháin páirt ann mar phríomhchomhordaitheoir agus bhí 17 n-eagraiocht párteach mar chomhpháirtithe inar bronnadh leithdháileadh deontais Éireannach dar luach níos mó ná €1 milliún orthu.

D'fhan cumas a fhorbairt agus deiseanna feabhsaithe a chur ar fáil d'ealaíontóiri, cuireann an Chomhairle Ealaón dámhachtain chómhaoinithe ar fáil do thionscadail na hEorpa Cruthaithí a n-éiríonn leo.

Le linn 2018, d'óstáil Deasc na hEorpa Cruthaithí Éireann – Oifig Cultúir agus ghlac siad páirt i 15 imeacht ar fud na tíre agus chomhoibrigh siad le Deasc na hEorpa Cruthaithí RA-Thuisceart Éireann ar dhá imeacht a bhí ar siúl i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath. Díriodh ar lucht féachana a fhorbairt agus ar mhúnláí nua gnó d'eagraiochtaí ealaón agus cultúrtha sna himeachtaí seo. Chuir an oifig faisnéis agus comhairle ar os cionn 173 duine aonair agus eagraiocht ón earnáil chultúir. I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil sé diancheardlann d'eagraiochtaí Éireannacha ar mian leo iarratas a dhéanamh ar an gclár Eorpach, an Eoraip Chruthaitheach.

Lean an Chomhairle Ealaón ag tairiscint a Dámhachtana Taistil agus Oiliúna in 2018. Tacaíonn sé seo go príomha le healaíontóiri ar mian leo leas a bhaint as oiliúint agus as deiseanna forbartha gairmiúla eile thar lear. Bronnadh 225 dámhachtain arbh fhiú €291,165 san iomlán iad sa bhliain 2018. Bronnadh an maoiniú ar ealaíontóiri atá ag cleachtadh thar raon foirmeacha ealaíne agus disciplíní lena n-áirítear

Review of the Year 2018

Athbhreithniú ar an mBliain 2018 (ar lean)

10

Architecture

Irish architects, Yvonne Farrell and Shelley McNamara of Grafton Architects were Curators of the Venice Architecture Biennale in 2018. By the time the exhibition closed in November their project, *Freespace*, had attracted the highest ever audience for an architecture Biennale.

As this was the first time an Irish artist had been invited to curate either the architecture or art Biennale in Venice, the Arts Council supported Irish participation in *Freespace*, under *The Venice Mentoring Initiative*. Through this initiative, the Arts Council supported the architects to work with 16 invited peers to hone their skills in presenting their work and mediating to a public audience in Venice as part of an exhibition called *Close Encounter: Meeting with Remarkable Projects*. This exhibition will tour Ireland in 2019.

As part of Ireland's national participation at Venice in 2018, the Arts Council also supported a separate team of six architects and designers on their project, entitled *Free Market*. This acclaimed exhibition on the future of Irish towns will also tour Ireland in 2019.

Individual artists continued to be supported with bursaries, as well as travel and training awards. Bursary awardees Tom de Paor (2009) and David Leech (2018) enjoyed recognition for their work at the World Architecture Awards 2018 while Tom O'Brien (2018) was shortlisted for the prestigious Emerging Architecture Awards by the Architectural Review.

The *Engaging with Architecture Scheme* funded four projects and individuals in a range of exhibitions, workshops and exploratory initiatives intended to share and engage specific audiences with architecture.

Circus, Street and Spectacle

Both Macnas and Spraoi continue to offer some of the most diverse and engaging work within the CSAS artforms. These companies are pushing collaboration and development to the forefront; providing Irish audiences and artists with access to new ideas and creative opportunities.

In November, the ISACS Network launched a strategic plan, which outlines the goals and roadmap for the organisation and the sector as a whole in the coming years. Its growth since 2013, and the positive influence it has had on promoting discussion within the CSAS community about best practice, collaboration and strategic development, has been of significant value to the sector.

Insurance coverage for arts organisations conducting performance and training work above a height of 1.5m continues to be a major concern for the sector as many artists and companies in the community engage in aerial dance, circus and acrobatics above this height. Premiums have risen by 400% in some cases since 2016 and while ISACS in

Rannpháirtíocht sna hEalaíona, Damhsa, Litríocht, Ceol, Amharclannaíocht agus na hAmharc-ealaíona.

Ailtireacht

Roghnaíodh na haitlirí Éireannacha, Yvonne Farrell agus Shelley McNamara ó Grafton Architects mar choimeádaithe in 2018 le haghaidh Biennale na Veinéis. Mheall an tionscadal *Freespace* an lín lucht féachana ba mhó i gcomhair Biennale ailtireachta faoin am ar dúnadh an taispeántas i mí na Samhna.

Ba é seo an chéad uair ar tugadh cuireadh d'ealaíontóir Éireannach saothar a chruthú ag an Biennale ailtireachta nó ealaíne sa Veinéis, agus thacaigh an Chomhairle Ealaíon le rannpháirtíocht na hÉireann in *Freespace*, faoi *Thionscnamh Meantóireachta na Veinéis*. Thacaigh an Chomhairle Ealaíon tríd an tionscnamh seo leis na haitlirí oibriú le 16 chomháltire ar tugadh cuireadh dóibh snas a chur ar a scileanna chun a saothair a chur i láthair agus idirghabháil a dhéanamh le lucht féachana poiblí sa Veinéis mar chuid de thaispeántas dar teideal *Close Encounter: Meeting with Remarkable Projects*. Rachaidh an taispeántas seo ar camchuaírt ar fud na hÉireann in 2019.

Thacaigh an Chomhairle Ealaíon le foireann eile de sheisear ailtirí agus dearthóirí ar a dtionscadal, *Free Market*, mar chuid de rannpháirtíocht na hÉireann sa Veinéis in 2018. Rachaidh an taispeántas clúiteach seo maidir le todhchaí bhailte na hÉireann ar camchuaírt ar fud na tíre in 2019.

Leanadh ar aghaidh ag tacú le healaíontóirí le sparánachtaí mar aon le dámhachtainí taistil agus oiliúna. Ba bhliain speisialta í 2018 do roinnt de na daoine ar bronnadh dámhachtainí orthu roimhe seo, fuair Tom de Paor (2009) agus David Leech (2018) aitheantas dá n-obair ag Gradaim Ailtireachta an Domhain 2018 agus chuir Architectural Review Tom O'Brien (2018) ar an ngearliosta do na Gradaim Ailtireachta ag Teach Chun Cinn.

Maoiníodh ceithre thionscadal agus daoine aonair faoin *Scéim Rannpháirtíochta san Ailtireacht* le raon taispeántas, ceardlann, agus tionscnamh trialach a raibh sé mar chuspóir acu an ailtireacht a roinnt le lucht féachana ar leith agus go mbeadh an lucht féachana sin rannphárteach san ailtireacht.

Sorcás, Sráidealaín agus Seónna

Leanann Macnas agus Spraoi ar aghaidh ag cruthú roinnt de na saothair is éagsúla agus is tarraingtí laistigh d'fhoirmeacha ealaíne SESS. Cuireann na compántais seo an comhoibriú agus an fhorbairt i lár an aonaigh; ag cur smaointe agus deiseanna nua cruthaitheacha ar fáil do lucht féachana Éireannach.

Sheol an Lónra ISACS plean straitéiseach i mí na Samhna ina leagtar amach spriocanna agus treochláir na heagraiochta agus na hearnála araon sna blianta beaga amach romhainn. Tá luach suntasach leis an bhfás a tháinig ar an eagraíocht seo ó 2013, agus ag an tionchar dearfach a bhíonn aici ag cur plé maidir

particular have been working actively to find solutions, the issue continues to seriously threaten the health of this young and growing artform.

The Arts Council offered funding schemes to support the creation of new work and the development of the sector. These included awards for bursaries, projects, touring, strategic funding, as well as travel and training.

The addition of the *Arts Grants Funding* award in 2018/19 was particularly beneficial to the sector. It allowed the Council to channel meaningful financial supports to a number of artistic and resource artists and organisations who were not in a position to obtain *Strategic Funding* but who required more support than they were capable of accessing through other funding streams. This continues to benefit the CSAS community, where increased investment in artistic creation, infrastructure and professional development is badly needed.

Delegates from the Arts Council were engaged in sectoral events, forums and seminars focused on arts practice, strategic direction, professional development and insurance issues. These events included the ISAN seminar hosted by ISACS and Spraoi (a continuation from 2017), and provides some of the most insightful and creative policy discussion within the CSAS community.

New work from emerging artists, such as Aisling Ni Cheallaigh & Ronan Brady's *How To Square A Circle*; Femme Bizarre's *Caged* (winner of Best Duo at the Dublin Fringe); and Angelique Ross's *SPIT* (winner of Spirit of Wit at the Dublin Fringe) pointed to a new wave of producing artists in the Irish CSAS community. The international growth of Looseysmokes, with creative residencies in Festival Mirabilia (Italy) among others, capped by the premiere of their new show, *The Night of the Shifting Bog*, which featured in the Kilkenny, Dublin Fringe and Bram Stoker festivals was a particular highlight.

The decision to shift the dates for the annual Irish Aerial Dance Fest in Letterkenny, Co. Donegal (by far the largest of its kind in Ireland) to coincide with the nearby Earagail Arts Festival, provides a wider platform for the programme of performances by Irish artists and broadens local engagement with the artform.

le dea-chleachtas, comhoibriú agus forbairt straitéiseach chun cinn laistigh den phobal SESS don earnáil.

Is údar mór imní é clúdach árachais d'eagraíochtaí ealaón a chuireann taibhithe i láthair ag airde níos mó ná 1.5m don earnáil mar glacann neart ealaíontóirí agus compántas páirt i ndamhsa aeir, sorcas agus cleasghleacaíocht ag airdí níos airde ná sin. Tháinig méadú 400% ar phréimheanna i gcásanna áirithe ón mbliain 2016 agus cé go raibh ISACS ag obriú go dian chun réitigh a fháil air seo, is baol mór é an costas seo don fhoirm ealaíne nua seo a bhí ag fás go dtí seo.

Thairg an Chomhairle Ealaón scéimeanna maoinithe chun tacú le cruthú saothair nua agus le forbairt na hearnála. Áiríodh orthu sin dámhachtainí i gcomhair sparánachaí, tionscadail, camchuaírt, maoiniú straitéiseach, agus taisteal agus oiliúint.

Chuir dámhachtain *Maoiniú Deontas do na hEalaíona* go mór leis an earnáil in 2018/19. Leis an dámhachtain seo bhí an Chomhairle in ann tacáiochtaí airgeadais bhíochá a chur ar fáil do roinnt ealaíontóirí, ealaíontóirí ealaíne agus eagraíochtaí nach raibh in ann cur isteach ar *Maoiniú Straitéiseach* ach ar theastaigh níos mó tacáiochta uathu ná an méid a bhí á fáil acu trí fhoinsí maothaithe eile. Tá an pobal SESS ag baint leas as an dámhachtain fós mar gur tháinig méadú ar infheistíocht i réimsí ina raibh géarghá léi amhail cruthú ealaíonta, bonneagar agus forbairt ghairmiúil.

Ghlac toscairí ón gComhairle Ealaón páirt i neart imeachtaí, fóram agus seimineár earnála inar díríodh ar chleachtas ealaón, treoir straitéiseach, forbairt ghairmiúil agus fadhbanna árachais. Áiríodh i measc na n-imeachtaí sin an seimineár ISAN a d'óstáil ICAS agus Spraoi (ag leanúint ar aghaidh ó 2017), agus bhí roinnt den phlé is léirsteanaí agus is cruthaithí laistigh den phobal CSAS le cloisteáil ag an gcomhdháil seo.

Bhí sruth nua ealaíontóirí léirithe laistigh de phobal SESS na hÉireann le feiceáil i saothair nua ó ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn amhail *How To Square A Circle* ó Aisling Ni Cheallaigh & Ronan Brady; *Caged* le Femme Bizarre (a bhuagh an Bheirt is Fearn ag Féile Imeallach Bhaile Átha Cliath); agus *SPIT* de chuid Angelique Ross (a bhuagh duais do Spiorad na Nathaíochta ag Féile Imeallach Bhaile Átha Cliath). Tháinig fás idirnáisiúnta ar Looseysmokes, le cónaitheachtaí cruthaitheacha in Festival Mirabilia (An Iodáil) agus ag féilte eile, agus bhí an chéad léiriú dá séo nua *The Night of the Shifting Bog*, a bhí le feiceáil ag Féile Imeallach Chill Chainnigh, Bhaile Átha Cliath agus ag Féile Bram Stoker, mar bhuaicphointe an ratha sin.

Rinneadh cinneadh na dátaí d'Fhéile bhliantúil Damhsa Aer na hÉireann i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall (an ceann is mó dá cineál in Éirinn) a athrú go mbeidh an fhéile ar siúl gar d'Fhéile Ealaíne an Earagail, cruthófar ardán níos leithne do chláir na dtaibhithe le healaíontóirí Éireannacha agus déanfar ranpháirtíocht áitiúil leis an bhfoirm ealaíne seo a leathnú leis an athrú seo.

Review of the Year 2018

Athbhreithniú ar an mBliain 2018 (ar lean)

12

Dance

The originality of dance works created by independent choreographers helped to take the artform to new heights throughout 2018 and provided audiences across Ireland with engaging, stimulating and distinctive experiences. Among the accomplished works supported by the Arts Council were: Ella Clarke's multimedia work, *En Vena Cava*; Philip Connaughton's poignant, *Assisted Solo*; Junk Ensemble's reimagining of *Lolita, Dolores*; Jessie Keenan's immersive, *Fragments*; Luke Murphy's dance promenade, *Ex Caelo*; Liv O'Donoghue's post-apocalyptic, *After*; Angie Smalis' highly stylised, *John's Query*; Mary Wycherley's interdisciplinary, *Invisible Histories*; and Catherine Young's powerful depiction of the refugee crisis, *State of Exception*.

The continued growth of small dance festivals has been a tangible development for the artform in recent years and these events have become a vital part of the dance milieu. The variety and vibrancy of the festivals produced throughout 2018 have positioned them as significant platforms for presenting new work and contributing to meaningful discourse. Examples of the diversity of dance festivals produced in 2018 include:

- Dance to Connect
- Hip Hop Dance Battle
- Light Moves Festival of Screendance
- Ninette de Valois Festival of Dance
- Tipperary Dance Platform
- TOCHT Festival of Dance
- What Next Dance Festival
- Wicklow Screendance Laboratory

In 2018 there were many great outcomes for the dance sector and its audiences. These have been realised with the assistance of the awards, development and support grants offered to companies and artists across dance genres and in all parts of the country, including:

- 11 Strategic Funding Awards
- 6 Bursary and 1 Next Generation Bursary Awards
- 7 Project Awards
- 6 Dance Artist Residency Awards
- 4 Arts Grants Funding
- 1 Touring and Dissemination of Work Scheme
- 5 Festivals Investment Scheme
- 15 Travel and Training Awards

The award of the coveted prize for Best Modern Choreography at the UK National Dance Awards to Michael Keegan-Dolan's *Swan Lake/Loch na hEala* not only recognised Michael's outstanding creative talent, it also highlighted the growing

Damhsa

Bhain an fhoirm ealaíne seo arda nua amach le linn 2018 mar thoradh ar bhunúlacht na saothar damhsa a chruthaigh cóiréagrafaithe aonair agus cuireadh eispéiris tharraingteacha, spreaghachá agus uathúla ar fáil do lucht féachana ar fud na hÉireann dá mbarr. Bhí na saothair seo a leanas i measc na saothar inniúil ar thacaigh an Chomhairle Ealaón leo: Saothar ilmheáin de chuid Ella Clarke, *En Vena Cava*; saothar tochtmar ó Philip Connaughton, *Assisted Solo*; athshamhlú ar Lolita ó Junk Ensemble, *Dolores*; saothar tumthach de chuid Jessie Keenan, *Fragments*; promanáid damhsa ó Luke Murphy, *Ex Caelo*; saothar atá suite i dtréimhse iar-apacailpteach ó Liv O'Donoghue, *After*; saothar stílthe de chuid Angie Smalis, *John's Query*; saothar idirdhisciplíneach ó Mary Wycherley, *Invisible Histories*; agus léiriú cumhachtach ar ghéarchéim na dteifeach ó Catherine Young le *State of Exception*.

B'fhorbairt shuntasach é an fás leanúnach a tháinig ar fhéilte beaga damhsa le blianta beaga anuas agus tá na himeachtaí seo ríthábhachtach do thimpeallacht an damhsa. Bhí neart éagsúlachta agus beochta le feiceáil sna félte a cuireadh ar siúl le linn 2018 agus is ardán shonracha iad le saothar nua a chur i láthair agus le cur le dioscúrsa bríoch mar thoradh ar na tréithe sin. Áirítear i measc na héagsúlachta a bhí le feiceáil sna félte damhsa a cuireadh ar siúl le linn 2018:

- Dance to Connect
- Hip Hop Dance Battle
- Light Moves Festival Of Screendance
- Ninette de Valois Festival of Dance
- Ardán Damhsa Thiobraid Árann
- TOCHT Festival of Dance
- What Next Dance Festival
- Wicklow Screendance Laboratory

Baineadh neart gaiscí iontacha amach don earnáil damhsa agus dá lucht féachana in 2018. Baineadh na gaiscí seo amach le cuidiú ó dhámhachtainí, ó na deontais forbartha agus tacaíochta a bronnadh ar chuideachtaí agus ar ealaíontóirí ar fud gach seannrá damhsa timpeall na tíre, lena n-áirítear:

- 11 dhámhachtain de mhaoiniú straitéiseach
- Sé sparánacht agus dámhachtain sparánachta na Chéad Ghlúine Eile amháin
- Seacht ndámhachtain tionscadail
- Sé scéim chónaitheachta d'ealaíontóirí damhsa
- Ceithre mhaoiniú deontais do na healaíona
- Scéim Camchuaire agus Scáipthe Saothair Amháin
- Cúig Scéim Infheistiochta na bhFéilte
- 15 Dhámhachtain Taistil agus Oiliúna



reputation of Irish dance companies and artists on the international stage.

The appointment of Marguerite Donlon as Curator of Step Up: Dance Project was particularly exciting news for this partnership initiative that supports the professional development of young dancers. Emma Martin's acclaimed production of Gluck's *Orfeo ed Euridice* for the Irish National Opera was one of the main features of the Galway International Arts Festival. This critically acclaimed production, which featured Emma's operatic debut, symbolised the immense potential for Irish choreographers to contribute significantly to Ireland's greater performing arts landscape.


Since it was first held in 2002, Dublin Dance Festival has presented some of the world's most influential dance companies, choreographers and artists, and showcased provocative new works from Irish dance artists. Highlights from its 2018 programme included the opening performance of Akram Khan's breath-taking, *Giselle*, performed by the English National Ballet and Oona Doherty's gritty reflection on her hometown, *Hard To Be Soft – A Belfast Prayer*.

Bronnadh an duais mó le rá - duais Círéagrafaíocht Nua-aimseartha is Fearr ag Gradaim Náisiúnta Damhsa na Ríochta Aontaithe ar *Swan Lake/Loch na hEala* de chuid Michael Keegan-Dolan. Ní hamhán gur aitheantas a bhí anseo ar thallann chruthaitheach iontach Michael, ach léirigh sé freisin an cháil atá á fáil ag compántais agus ag ealaíontóirí damhsa na hÉireann ar an stáitse idirnáisiúnta.

Ba nuacht an-spreagúil é gur ceapadh Marguerite Donlon mar choimeádai do Thionscal Damhsa Céim chun Tosaigh don tionscnamh comhpháirtíochta a thacaíonn le forbairt ghairmiúil damhsóiri óga. Bhí léiriú mó le rá de *Orfeo ed Euridice* a chum Gluck agus a léirigh Emma Martin do Chompántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann ar cheann de bhuaicphointí Fhéile Ealaíón Idirnáisiúnta na Gaillimhe. Ba shiombail é an léiriú seo a fuair ardmholadh, a bhí mar chéad taibhiú ceoldráma d'Emma, den chumas iontach atá ag círéagrafaithe Éireannacha le cur le tírdhreach taibhealaíon na hÉireann i gcoitinne.

Tá Féile Damhsa Bhaile Átha Cliath ag cur roinnt de na compántais damhsa, na círéagrafaithe agus na healaíontóirí is mó tionchar mar aon le saothair ghríosaitheacha nua ó ealaíontóirí damhsa Éireannacha i láthair den chéad uair mar chuid di chomh maith, ó bunaíodh í in 2002. Áirítear i measc buaicphointí chlár 2018 léiriú oscailte *Giselle* le Akram Khan, a léirigh English National Ballet agus géarmhachnamh Oona Doherty ar a baile dúchais in *Hard To Be Soft – A Belfast Prayer*.





Review of the Year 2018

Athbhreithniú ar an mBliain 2018 (ar lean)

16

Film

In 2018 the Arts Council published its new *Film Policy*, which outlines key actions to support film artists and to engage the public with film and film culture over the next three years.

In delivering on priority areas in film in 2018, the Arts Council continued to support film artists to develop their practice and to make non-narrative, experimental and authored work in film. It also supported the essential infrastructure required to sustain and develop film culture in Ireland through its strategic funding of key film organisations.

In 2018, three artists received bursary awards to the value of €24,750, while nine artists received project awards to the value of €424,456. Reel Art documentaries' *The Science of Ghosts* (Niall McCann) and *Phantom Islands* (Rouzbeh Rashidi) had their premiere screenings at the Dublin International Film Festival in February, while Tadhg O'Sullivan's, *To the Moon*, received an Open Call award of €160,000. This cinematic ode to the moon, woven from archive, music and literature, will encompass a series of live cinema performances in 2019, to mark the 50th anniversary of the moon landings.

The Council introduced a new film scheme, *Authored Works*, to provide film artists with the creative and editorial freedom to make cultural work from a strong artistic point of view. A total fund of €200,000 is available to the successful applicant, comprising a production budget of €185,000 and further exhibition support of €15,000. We look forward to seeing the first *Authored Works* film being brought to Irish and international audiences in 2020.

The Arts Council continued its support of the UCC Film Residency: – jointly funded by University College, Cork, and the Arts Council, and offered in association with the Cork Film Festival. In July, Pat Murphy was announced as the fifth Film Artist in Residence, following the successful residencies by Carmel Winters, Gerry Stembridge, Hugh Travers and Mark O'Halloran.

Scannán

D'fhoilsigh an Chomhairle Ealaón a Beartas Scannánaíochta nua in 2018 ina leagtar amach na príomhghníomhartha a úsáidfear chun tacú le healaíontóirí scannán agus chun suim an phobail sa scannánaíocht agus i gcultúr na scannánaíochta a mhúscailt sna trí bliana seo romhainn.

Agus iad ag diríú ar na réimsí tosaíochta i gcúrsai scannáin, lean an Comhairle Ealaón ag tabhairt tacaíochta d'ealaíontóirí scannán le linn 2018 le go mbeidís in ann an cleachtas a fhorbairt agus obair neamhinsíte agus obair thurgnamhach a dhéanamh. Thug an Chomhairle Ealaón tacaíocht don bhonneagar riachtanach a theastaíonn chun cultúr na scannán a choimeád agus a fhorbairt in Éirinn trína Maoiniú Straitéiseach do phríomheagraíochtaí.

In 2018, fuair triúr ealaíontóirí Dámhachtainí Sparánachta arbh fhiú €24,750 iad agus tugadh dámhachtainí tionscadail arbh fhiú €424,456 iad do naonúr ealaíontóirí. Taispeánadh dhá clár faisnéise de chuid Reel Art, *The Science of Ghosts* (Niall McCann) agus *Phantom Islands* (Rouzbeh Rashidi), den chéad uair ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra, agus bronnadh Dámhachtain – Gairm Oscailte dar luach €160,000 ar *To the Moon* le Tadhg O'Sullivan. Is óid chineamatach don ghealach é an saothar seo agus é fite fuaite le cartlann de cheol agus den litriocht, a bheidh le feiceáil i sráth líirithe cineama beo in 2019 chun comóradh a dhéanamh ar chothrom 50 bliain ó chuir an chéad duine cos ar an ngealach.

Thug an Chomhairle scéim nua scannán isteach, *Authored Works*, a bhuil sé mar aidhm aici saoirse chruthaitheach agus eagarthóireachta a thabhairt d'ealaíontóirí scannán chun saothar cultúrtha a dhéanamh ó dhearcadh láidir ealaonta. Cuirtear ciste iomlán €200,000 ar fáil don iarrthóir a n-éiríonn leis ar a n-áirítear buiséad líirithe €185,000 agus tacaíocht taispeántais bhereise €15,000. Táimid ag súil go mór leis an gcéad scannán de chuid *Authored Works* a chur i láthair do lucht féachana Éireannach agus idirnáisiúnta in 2020.

Lean an Chomhairle Ealaón ar aghaidh ag tacú le Cónaitheacht Scannán UCC: scéim atá cómhaoinithe ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus an Chomhairle Ealaón agus a chuirtear ar fáil i gcomhar le Féile Scannán Chorcaí. Fógraíodh gurb í Pat Murphy an Cúigiú Ealaíontóir Scannán Cónaithe i ndiaidh na dtréimhsí cónaitheachtaí rathúla a chaith Carmel Winters, Gerry Stembridge, Hugh Travers agus Mark O'Halloran ann.

Literature

In 2018, the Arts Council published a new *Literature Policy* governed by the strategy document, *Making Great Art Work*. In order to deliver on priority areas, individual writers were supported by the *Travel and Training Award* and the *Literature Bursary Award*.

During the year, 47 *Literature Bursary* awards worth a total €404,610 were dispersed to writers and illustrators at all stages of their careers. Of these, 12 were awarded to emerging authors. Through its *Strategic Funding* and *Arts Grant Funding* programmes, publishers, festivals and resource organisations continue to support the essential infrastructure required to sustain and develop a vibrant literature sector in Ireland, while also providing opportunities for writers to create new works in English and Irish that allow audiences to engage with high-quality writing.

The Council also continued its support for university writer residencies to enable professional writers to concentrate on their practice, while allowing students to engage with the writer. In 2018, Selina Guinness was appointed to Trinity College, Dublin; Gavin Corbett to University College, Dublin; and Martin Dyer to the University of Limerick. In September, Danielle McLaughlin took up residency at University College, Cork. Dairena Ní Chinnéide became the Irish-language writer in residence at St Patrick's College, Drumcondra.

At a reception in February, President Michael D Higgins announced Sebastian Barry as Laureate for Irish Fiction 2018–2021. He was awarded the honour by the Arts Council and began his three-year term in February 2018.

Over the course of the year, the Laureate delivered a public programme that sought to celebrate the *Golden Age of Readers and Writers* and acknowledge the part played by readers. *Life Lines*, the Laureate for Irish Fiction Book Club, aims to engage readers across a variety of distinct and harder-to-reach settings. In its first year of operation it focused particularly on health settings, with events at University Hospital, Waterford; Mercer's Institute for Successful Ageing at St. James Hospital, Dublin; and the Central Mental Hospital, Dundrum, Dublin. In September, Sebastian Barry delivered his first annual lecture entitled *The Lives of the Saints* at the Gate Theatre, recounting those individuals who have most influenced him over the course of his writing life.

In May, President Higgins announced Sarah Crossan as Laureate na nÓg 2018–2020. Her tenure theme, #WeAreThePoets, encompasses a two-year project inspiring young people to express themselves through poetry and verse. In October, individuals and organisations were invited to submit proposals that will allow the Laureate to curate and present a programme of work in 2019 by children and young people from across the island.

Litríocht

In 2018 d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaón Beartas Litríochta nua a bheidh á rialú ag an gcáipéis straitéise, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh. Tacaíodh le scríbhneoirí aonair tríd an Dámhachtain Taistil agus Oiliúna agus tríd an Dámhachtain Sparánachta Litríochta chun cuspóirí a bhaint amach i leith réimisi tosaíochta.

